

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA CHORCAÍ
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
IÚIL 2013 – NOLLAIG 2014

Clár Ábhar

Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí	3
Brollach ó Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.....	3
Comhaltaí den Bhord Oideachais agus Oiliúna	4
Comhaltaí ó mhí Iúil 2013 i leith.....	4
Comhaltaí ó mhí Mheán Fómhair 2014 i leith.....	4
Eagrú Seirbhísí.....	5
Scoileanna	5
Iar-bhunscoileanna	6
Coláistí Breisoideachais (Iar-Ardteistiméireacht).....	6
Breisoideachas agus Oiliúint.....	6
Raon an tSoláthair.....	7
Ionad Oiliúna Chorcaí.....	7
An tSeirbhís Forbartha Ógra.....	8
Oideachas Aosach agus Pobail	9
Bonneagar	11
Caidrimh thábhachtacha.....	12
Achoimre Airgeadais	13
Giorrúcháin	13
ETB Bord Oideachais agus Oiliúna	14
Aguisín 1	15
Scoileanna, Ionaid Oideachais agus Coistí atá faoi rialú ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.....	15
Scoileanna.....	15
Ionaid Oideachais agus Oiliúna	16
Ionaid Ógtheagmhála	16
Pobalscoileanna ar a bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ina Chomhiontaobhaí 16	
Scoileanna Cuimsitheacha ar a bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ina Chomhphátrún.....	16
Scoileanna Náisiúnta Pobail	16
Coistí Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí	16

Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Ba mhór an onóir dom a bheith tofa mar Chathaoirleach ar an gcéad Bhord Oideachais agus Oiliúna i gCorcaigh.

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Rinneadh na feidhmeanna, na sócmhainní, na dliteanais agus na baill foirne go léir a bhíodh ag Coiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí agus ag Coiste Gairmoideachais Chontae Chorcaí roimhe sin a aistriú chuig Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ar an dáta sin.

Bhí an cruinniú deiridh de chuid an chéad Bhoird ar siúl i mí an Mheithimh 2014. Chuimsigh an Bord sin na hiarchomhaltaí de Choiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí agus de Choiste Gairmoideachais Chontae Chorcaí. Tar éis na dtoghchán áitiúil i mí na Bealtaine 2014, cuireadh tús leis an bpróiseas um chomhaltaí a thoghadh agus a cheapadh chuig an mBord nua. Cuireadh an chéad chruinniú iomlán de chuid an Bhoird nua ar siúl i mí Mheán Fómhair 2014.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ar an dara Bord Oideachais agus Oiliúna is mó sa tír. Cuireann sé seirbhísí agus tacaí oideachais agus oiliúna ar fáil do níos mó ná 30,000 duine ar fud Chorcaí agus tá breis agus 3,800 fostaí aige. Tréimhse mhór athruithe agus trasdula don eagraíocht agus don fhoireann a bhí sa tréimhse sin. Mar Chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, táim bródúil as athléimneacht na foirne agus as dúthracht na foirne do sheirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar don lucht foghlama le linn na tréimhse trasdula sin.

An Comh. Patrick Gerard Murphy
Cathaoirleach, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Brollach ó Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Clúdaíonn an tuarascáil bhliantúil seo an tréimhse ón 1 Iúil 2013 go dtí an 31 Nollaig 2014, a bhí ar an gcéad tréimhse tuairiscithe de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

Ritheadh an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, i mí na Bealtaine 2013 agus bhí sé le teacht i bhfeidhm an 1 Iúil 2013. Foráiltear leis an Acht do na Coistí Gairmoideachais a dhíscaoileadh agus do na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna a chur ar bun trí roinnt de na 33 Choiste Gairmoideachais a bhí ann cheana féin a chumasc. Tar éis Coiste Gairmoideachais Chontae Chorcaí agus Coiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí a chónascadh, cuireadh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ar bun. Bheadh freagracht ar an mBord as oideachas bunscoile, oideachas iar-bhunscoile agus breisoideachas a sholáthar ar aon dul leis na Coistí Gairmoideachais a tháinig roimhe.

Síníodh an tAcht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013, isteach sa dlí i mí Iúil 2013. Foráiltear leis an Acht don tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS) a chur ar bun. Foráiltear leis an reachtaíocht freisin do na hIonaid Oiliúna agus an fhoireann oiliúna a bhíodh ag FÁS roimhe seo a aistriú de réir a chéile chuig na Boird Oideachais agus Oiliúna nuabhunaithe. Oibríonn SOLAS le Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí chun cláir chúil Bhreisoideachais agus Oiliúna agus curaclaim a fhorbairt agus chun idirghabhálacha Breisoideachais agus Oiliúna a fhoinsiú ón earnáil phríobháideach, ón earnáil phoiblí agus ón earnáil neamhbhrabúis.

Cora cinniúna i stair an Bhreisoideachais agus na hOiliúna in Éirinn a bhí i rith an dá Acht, mar a bhí an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus an tAcht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013. Anuas ar na seirbhísí a chuireann siad ar fáil in oideachas iar-bhunscoile, tugadh freagracht reachtúil do Bhoird Oideachais agus Oiliúna as an mBreisoideachas agus an Oiliúint ar fad in Éirinn a fhaigheann cistí poiblí.

Ba dhúshlánach don fhoireann agus do na heagraíochtaí araon a bhí an cúram a cuireadh orthu trí cinn de na soláthraithe oideachais agus oiliúna is mó in Éirinn a chónascadh. Cé go ndearna Coistí Gairmoideachais agus Ionad Oiliúna SOLAS raon cuimsitheach oideachas iar-bhunscoile, breisoideachais, oideachais aosaigh agus oiliúna a chur ar fáil do gach cineál foghlaimeora, ní féidir beag is fiú a dhéanamh de thionchar an chónasctha. Cé gur cuid dhílis dár gcuid seirbhísí é an foghlaimeoir, is fíor a rá gurb í an fhoireann a ghlac leis na hathruithe a bhí ag teastáil agus a leanann le féachaint ar aghaidh chun a chinntiú go leanann Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí le seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil do mhuintir Chorcaí.

Timothy Owens
Príomhfheidhmeannach, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Comhaltaí den Bhord Oideachais agus Oiliúna

Comhaltaí ó mhí Iúil 2013 i leith

Teideal	Céadainm	Sloinne	Teideal	Céadainm	Sloinne
An Comh.	Connie	Foley	An Comh.	Aindrias	Ó Muimhneacháin
An Comh.	Liam	Burke	An Comh.	Mary	Hegarty
An Comh.	Catherine	O'Keefe	An Comh.	Patrick	O'Driscoll
An Comh.	Tadhg	O'Donovan TC	An Comh.	Donal	O'Rourke
An Comh.	Tomas	O'Brien	An Comh.	Ronan	Sheehan
An Comh.	Humphrey	Deegan	An Comh.	John	Mulvihill Snr
An Comh.	Finbarr	O'Driscoll	Uas.	Una	O'Donnell
An Comh.	Noel	O'Connor	An tUas.	Liam	Ahern
An Comh.	Niall	O'Neill		Helen	McGrath
An Comh.	Noel	Buckley	An tUas.	Michael	Carey
An Comh.	Noel	O'Donovan TC	Uas.	Norma	Murray
An Comh.	Gerry	Kelly	An Dr	Tom	Deenihan
An Chomh	Marie	Murphy	An Canónach	George	Salter
An Comh.	Tim	Brosnan	An tUas.	Paddy	Browne
	Catherine	Cashin	An Comh.	Catherine	Clancy
	Josephine	Coffey	An Comh.	Jim	Corr
An tUas.	Michael	O'Connell	An Comh.	Gerry	Gibbons
An Comh.	Laura	McGonigle	An Comh.	Chris	O'Leary
An Comh.	Joe	O'Callaghan	An Comh.	Emmet	O'Halloran

Comhaltaí ó mhí Mheán Fómhair 2014 i leith

Teideal	Céadainm	Sloinne	Teideal	Céadainm	Sloinne
An Comh.	Des	O'Grady	An Comh.	Margaret	Murphy O'Mahony
An Comh.	Michael	Hegarty	An Comh.	Tim	Brosnan
An Comh.	Mary	Hegarty	An Comh.	Mary	Shields
An Comh.	Patrick G	Murphy	An Comh.	Chris	O'Leary
An Comh.	Christopher	O'Sullivan	An Comh.	Laura	McGonigle
An Comh.	Claire	Cullinane	An Comh.	Padraig	O'Sullivan
An tUas.	Paudie	Palmer		Maura	Fitzgibbon
	Una	O'Donnell	An tUas.	Sean	O'Sullivan
	Gillian	Keating		Biddy	McDonagh
Doc.	Tom	Deenihan	An tUas.	Declan	O'Leary
	Mary	O'Grady			

Eagrú Seirbhísí

An 1 Iúil 2013, cuireadh 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna nua ar bun go reachtúil ar fud na hÉireann. Ba é sin an t-ollchóiriú ba shuntasáí a rinneadh ar bhonneagar oideachais na hÉireann le roinnt mhaith blianta. Mar thoradh air sin, cónascadh Coiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí agus Coiste Gairmoideachais Chontae Chorcaí chun Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí a chruthú.

Tréimhse lenar bhain dúshláin ar leith ba ea an tréimhse ón 1 Iúil 2013 go dtí an 31 Nollaig 2014 mar go raibh sé riachtanach trí eagraíocht ar leith a raibh a bpróisis agus a gcórais féin i bhfeidhm acu a thabhairt le chéile lena linn. Ba é an chéad chéim ná Coiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí agus Coiste Gairmoideachais Chontae Chorcaí a chónascadh, rud a chuir Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ar bun. Ceann de na chéad tosaíochtaí ba ea aistriú na mball foirne chuig córas párolla amháin. Cuireadh an t-aistriú sin i gcrích faoin 31 Nollaig 2013.

I mí Eanáir 2014, aistríodh Ionad Oiliúna Chorcaí ó SOLAS chuig an mBord Oideachais agus Oiliúna. Cé gur leag sé sin dúshláin bhreise ar an eagraíocht, níor cuireadh isteach ar sheirbhísí ar chor ar bith le linn an aistrithe.

I dtús na bliana 2014, tugadh na rannóga sa Cheannoifig le chéile. Bhí na rannóga lonnaithe i gceann amháin de dhá láthair: 21 Cé Lavitt nó Teach Yeats, Baile an Chollaigh. Rinneadh an cinneadh sin chun a chinntiú go mbeadh seirbhísí níos comhtháite agus níos éifeachtúla. Cuireadh struchtúr eatramhach Ceannoifige i bhfeidhm freisin go dtí go bhfaighfí soiléiriú ón Roinn Oideachais agus Scileanna i dtaca le struchtúr cuí iarchónasctha do Cheannoifig an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

Sa bhliain 2014, ba é cobhsú agus uasghrádú an chórais CORE i mBord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí agus san earnáil ceann de na príomh-mhíreanna ar shaináithin an earnáil iad i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Chuige sin, bhí Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ar an eagraíocht treorach le haghaidh uasghrádú an tionscadail chobhsaithe, rud a cuireadh i gcrích go rathúil. Cuireadh obair i gcrích freisin ar na córais oibriúcháin TF go léir de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí a chur i bhfeidhm maidir le gach scoil agus ionad faoi shainchúram Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí. Lean tionchar mhoratóir na hearnála poiblí ar phoist neamhtheagaisc ar aghaidh ag cruthú dúshlán don eagraíocht. Ní hé amháin go ndeachaigh sé i bhfeidhm ar an gCeannoifig, ach chuaigh sé i bhfeidhm ar Choláistí agus ar Ionaid freisin.

Tháinig deis aníos do Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí go mall sa bhliain 2014 scaradh leis an léas ar Theach Yeats. Scaradh leis an léas tar éis cead a fháil ón Roinn Oideachais agus Scileanna, rud a d'fhág go raibh ceanncheathrú chorparáideach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí lonnaithe ag 21 Cé Lavitt.

Leanann Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí de bheith tiomanta dá chuid seirbhísí a fheabhsú go leanúnach i gcomhthéacs an Chláir de chuid an Rialtais um Sheirbhísí Poiblí a Bhunathrú agus ar mhaithe le dea-rialachas corparáideach.

Scoileanna

Tá 16 Choláiste Iar-bhunscoile faoina stiúir ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí. Tá 11 Choláiste Iar-bhunscoile Ainmnithe ann freisin a bhfuil Comhaontuithe Eiseamláireacha aige le Deoise Chorcaí agus Rois agus Deoise Chluana ina leith. Tá 3 Choláiste Breisoideachais

ar áireamh sna 16 Choláiste. Laistigh de na coláistí iar-bhunscoile aitheanta, is ionann agus 10,431 dhalta iar-bhunscoile an rollú iomlán daltaí agus tá 5,232 fhoghlaimeoir rollaithe i gColáistí Breisoideachais.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ina chomhphátrún/chomhiontaobhaí ar 12 Phobalscoil freisin. Féach aguisín 1 chun liosta iomlán a fháil de na Coláistí agus na hIonaid go léir atá faoi stiúir ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.

Iar-bhunscoileanna

Sa scoilbhliain 2013/2014, lean rolluithe in Iar-bhunscoileanna ar aghaidh ag méadú. Rinneadh athbhreithniú ar rolluithe freisin. Cé go raibh méadú ar an líon daltaí le sonrú i bhformhór na scoileanna, bhí ábhair imní ann maidir le hinbhuanaitheacht leantach Coláiste Uí Mhainchín ar an Ráth. Tar éis breithniú agus comhairliúchán suntasach a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an ábhar, rinneadh an cinneadh deireadh a chur le hoideachas iar-bhunscoile a sholáthar ar Coláiste Uí Mhainchín ó mhí Lúnasa 2016 i leith. Rinneadh an cinneadh sin bunaithe ar chead a thabhairt do dhaltaí a bhí ag dul isteach sa 5ú bliain sa bhliain 2014 a gcúrsa Ardteistiméireachta a chur i gcrích sa Choláiste.

Coláistí Breisoideachais (Iar-Ardteistiméireacht)

Lean na Coláistí Breisoideachais ar aghaidh ag cur raon leathan cúrsaí ar fáil do mhic léinn Iar-Ardteistiméireachta agus do dhaoine fásta. Leis an raon cúrsaí a soláthraíodh, tugadh deiseanna do rannpháirtithe ar éirigh leo leanúint lena gcuid staidéir, trí ardchlár Iar-Ardteistiméireachta a dhéanamh nó trí dhul ar aghaidh chuig an Ardoideachas, nó dul isteach i saol na hoibre go díreach.

Mar a bhí amhlaidh i mblianta roimhe, leanann na Coláistí ar aghaidh ag streachailt le go leor rolluithe a fháil. Tá roinnt tosca taobh thiar den fhadhb sin:

- an líon méadaithe áiteanna atá ar fáil in Institiúidí tríú leibhéal agus laghduithe comhfhreagracha sna riachtanais phointí iontrála do na háiteanna sin
- costas méadaithe an lóistín do mhic léinn a mbíonn orthu cónaí ar shiúl ón mbaile agus iad ag freastal ar choláiste agus/nó costais mhéadaithe iompair le linn tréimhse atá lán de shriantachtaí airgeadais

D'ainneoin na bhfadhbanna sin agus thionchar na rolluithe laghdaithe ar na coláistí, rinneadh iarrachtaí leantacha leanúnacha cúrsaí a bhí ann cheana a athnuachan agus cúrsaí breise a fhorbairt a bheadh ábhartha don gheilleagar, don áit oibre agus do mhic léinn ionchasacha.

Cuireann Coláistí Iar-Ardteistiméireachta cúrsaí táille féinmhaoinitheacha ar fáil san oíche. Bíonn na cúrsaí sin ag dul i ngleic le dúshlán maidir le rolluithe mar gheall ar an gcor chun donais geilleagrach agus ar thionchar an mhoratóra ar neamh-athsholáthar na bpost atá freagrach as an soláthar féinmhaoiniúcháin. Mar gheall ar chailleadh an leibhéil mheánbhainistíochta, tá ag méadú ar chastacht na ndúshlán do Stiúrthóirí féinmhaoiniúcháin coláiste.

Breisoideachas agus Oiliúint

Cé gur cónascadh Coiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí agus Coiste Gairmoideachais Chontae Chorcaí an 1 Iúil 2013, níor comhtháthaíodh an oiliúint ar fad de chuid SOLAS/FÁS isteach i mBord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí go dtí an 1 Eanáir 2014. Tar éis an

fheidhm oiliúna sin a thabhairt do Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, d'éirigh Ionad Oiliúna SOLAS, Ascaill Rosa, ar an bpointe fócasach agus ar an ionad le haghaidh gach gníomhaíochta oiliúna sa chontae. Sna míonna roimh an gcónascadh, bhí obair á déanamh ar bhaill foirne agus acmhainní a chónascadh chun a chinntiú go mbeadh aistriú réidh ann.

Leis an Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013, aistríodh chuig na Boird Oideachais agus Oiliúna an fhreagracht as an oiliúint ar fad a chuireadh FÁS/SOLAS ar fáil roimhe sin. Ina theannta sin, foráladh d'earnáil chomhtháite Breisoideachais agus Oiliúna a fhorbairt. Soláthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí raon leathan clár oiliúna trí Ionad Oiliúna Chorcaí agus trína seirbhísí gaolmhara. Is é aidhm na gclár sin freastal ar na riachtanais oiliúna atá ag daoine aonair, bíodh siad fostaithe nó dífhostaithe, agus ar na riachtanais ghnó agus eacnamaíocha atá ag fostóirí sa réigiún.

Raon an tSoláthair

Le soláthar breisoideachais agus oiliúna Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, tairgeadh cúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha i raon leathan réimsí do phobal mór éagsúil foghlaimoírí aosacha agus foghlaimoírí iar-mheánoideachais. Soláthraítear na cúrsaí sin sa lá agus san oíche. Áirítear leis na cláir:

- An Iar-Ardteistiméireacht
- Printíseachtaí
- Cúrsaí Oiliúna
- Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS)
- An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI)
- Litearthacht d'Aosaigh
- Dianteagasc san Oideachas Bunata Aosach (ITABE)
- Oideachas Pobail
- Oiliúint Scileanna Sonracha
- Ógtheagmháil
- Ionaid Oiliúna Pobail
- Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna
- Seirbhís Oideachais Phríosúin
- Seirbhís tar éis Scaoilte ó Phríosún
- Scileanna don Obair
- Comhar le hinstitiúidí eile

Deis agus dúshlán araon do Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ba ea na Boird Oideachais agus Oiliúna a bhunú agus earnáil chomhtháite Breisoideachais agus Oiliúna a chruthú, agus díriú soiléir á chur ar fhorbairt agus soláthar a dhéanamh ar chúrsaí agus ar chláir a ullmhaíonn daoine le haghaidh fostaíochta agus/nó staidéar breise. Gnéithe de sheirbhís gairmoideachais agus oiliúna Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ar fud na tréimhse sin ba ea forbairt a dhéanamh ar chláir chomhordaithe le haghaidh soláthar clár a bhí dírithe ar dhúbláil a íoslaghdú, ar rochtain a mhéadú do dhaoine aonair, ar ábharthacht a fheabhsú d'fhostóirí agus ar cháilíocht na gclár ar tairiscint a choinneáil agus a mhéadú.

Ionad Oiliúna Chorcaí

Sa bhliain 2014, comhtháthaíodh gníomhaíochtaí oiliúna a dhéanadh FÁS roimhe sin isteach i mBord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí. Thosaigh sé sin an 1 Eanáir 2014. Is as Ionad Oiliúna Chorcaí i mBaile an Easpaig, Corcaigh, a réachtáiltear an obair riaracháin le haghaidh na gníomhaíochta oiliúna ar fad.

Clúdaítear leis an soláthar oiliúna sin raon leathan clár oiliúna do dhaoine atá ag lorg oibre trí chúrsaí lánaimseartha, páirtaimseartha agus cumaisc ar fud Chathair Chorcaí agus Chontae Chorcaí go díreach agus go hindíreach. Cuirtear creidiúnú ar fáil ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, City and Guilds agus comhlachtaí deimhniúcháin tionscail eile ag leibhéal 4, 5 agus 6 nó a gcomhionann den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí go príomha.

Ghlac 4,632 rannpháirtí páirt in oiliúint ar 248 gcúrsa sa bhliain 2014. Thug 2,557 rannpháirtí faoi chúrsaí lánaimseartha lae agus thug 2,075 rannpháirtí faoi chúrsaí páirtaimseartha nó faoi chúrsaí cumaisc. Bhí 695 dhuine díobh sin ina bprintísigh a bhí ag tabhairt faoi chéimeanna 2, 4 nó 6. Den 4,632 rannpháirtí ar fad, bhí 1,698 nduine (36%) dífhostaithe ar feadh níos mó ná 12 mhí. Tríd is tríd, bhí an líon iarratas ar chúrsaí níos lú ná an bhliain roimhe. Bhí an scéal amhlaidh i gcás iarratas a rinneadh le 2 bhliain anuas. Luadh go raibh athruithe ar chúinsí eacnamaíocha agus laghduithe ar thacaí airgeadais ar an toisc rannpháirteach ba shuntasáí a bhí taobh thiar de thearcúsáid an leithdháilte. De bhreis ar oiliúint a chur ar dhaoine dífhostaithe, tugtar faoi phrintísigh a bhainistiú agus faoi oiliúint a chur orthu. Bhí 337 bprintíseach cláraithe sa bhliain 2014. Díobh sin, bhí oideachas Ardteistiméireachta ag 70% agus bhí oideachas níos ísle ná an Ardteistiméireacht ag 30%.

An tSeirbhís Forbartha Ógra

Soláthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí raon cuimsitheach seirbhísí a chistítear trí na tionscnaimh seo a leanas:

- An Ciste um Áiseanna agus Seirbhísí do Dhaoine Óga (YPFSF)
- An Tascfhórsa Drugaí (DTF)
- Tionscadail Speisialta don Aos Óg (SPY)

Cuirtear an scéim deontas sin ar fáil do thionscadail speisialta lasmuigh den scoil do dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste. Tugtar tús áite do thionscadail sna réimsí seo: tionscnaimh speisialta um obair don ógra, daoine óga gan dídean, mí-úsáideoirí óga substaintí agus taistealaithe óga. Leithdháiltear deontais ar eagraíochtaí agus ar ghrúpaí le haghaidh tionscadail shonracha arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste de bharr na dtosca seo a leanas go léir nó roinnt díobh:

- pobal ard daoine óga
- óg-dhífhostaíocht
- spleáchas ar leas sóisialach/ar chúnamh dífhostaíochta
- aonrú sóisialta
- mí-úsáid drugaí/substaintí
- easpa dídine (easpa dídine shealadach san áireamh)
- fadhbanna a bhaineann le hógchoireacht, le loitiméireacht agus le múitseáil
- bearna i seirbhísí príomhshrutha don ógra
- glacadh neamhleor gnáthdheiseanna oideachais.

Is é aidhm na dtionscnaimh um obair don ógra a fhaigheann cúnamh deontais ná forbairt phearsanta agus shóisialta na rannpháirtithe a éascú ionas go mbeidh siad in ann lán a gcumais a bhaint amach agus cabhrú leo go háirithe leis an eolas, na scileanna agus na dearcthaí a theastaíonn le haghaidh a gcomhtháthaithe chuí sa tsochaí. Anuas air sin, tugann siad deiseanna do dhaoine óga tabhairt faoi ghníomhartha a chomhfhreagraíonn dá mianta féin agus glacadh le freagrachtaí laistigh dá bpobal áitiúil.

Oideachas Aosach agus Pobail

Aithníonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar na struchtúir, cláir agus tacaí reatha do bhreiseoideachas agus oiliúint agus samhlacha oibriúcháin nua a leithdháiltear na hacmhainní cuí orthu a chruthú d'fhonn freastal ar bhealach atá oiriúnach, solúbtha agus éifeachtach ó thaobh acmhainní de ar na riachtanais atá ag pobail áitiúla, fostóirí áitiúla agus foghlaimeoirí.

Oideachas Pobail

Le hOideachas Pobail laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, cuirtear deiseanna ar fáil le haghaidh foghlaim ar feadh an tsaoil agus féinmhúinín agus féinmheas a chothú do dhaoine fásta ar bheagán scileanna nó nár thaitin oideachas foirmiúil leo. Is féidir le hOideachas Pobail a bheith ina bhealach chun tuilleadh foghlama, cáilíochtaí agus fostaíocht a ghnóthú.

Is ar fhoghlaim neamhchreidiúnaithe atá an díriú san Oideachas Pobail. Cé go bhfuil sé doiligh torthaí foghlaimeora a mheas, chuir Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí feabhas ar chomhtháthú an Oideachais Phobail isteach i soláthar eile breiseoideachais agus oiliúna chun spreagadh a thabhairt d'foghlaimeoirí dul ar aghaidh chuig roghanna breiseoideachais.

An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas

Lean an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas ar aghaidh ag cur clár ar fáil i raon leathan suíomhanna geografacha inar sainaitníodh riachtanais ach aird a thabhairt ar inrochtaineacht agus ar chuimsitheacht. Cuireadh béim ar dhaoine dífhostaithe go fadtéarmach, i gcomhréir le Treoirlínte na Roinne. Rinneadh é sin i gcomhairle leis an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Forbraíodh cláir i gcomhairle le comhordaitheoirí agus geallsealbhóirí eile, rud as ar eascair cláir a forbraíodh de réir na riachtanas i limistéir ar leith. Reáchtáladh an-chuid de na cláir mar bhogadh ar aghaidh ó Chláir Oideachais Bhunata/Oideachais Phobail nó mar bhogadh ar aghaidh chuig cláir Iar-Ardeistiméireachta i ngach limistéar. Laghdaíodh an líon cúrsaí ag Leibhéal 5 de chuid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann a soláthraíodh, i gcomhréir le treoirlínte agus beartais náisiúnta agus le treoirlínte agus beartais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Soláthraíodh líon beag cúrsaí ag Leibhéal 2. Tríd is tríd, áfach, soláthraíodh cúrsaí ag Leibhéal 3 agus Leibhéal 4 de chuid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, go háirithe ag Leibhéal 4.

Méadaíodh na naisc le fostóirí i ngach réigiún chun breis oiliúna a chur ar fhoghlaimeoirí agus an deis is fearr is féidir a thabhairt dóibh dul ar aghaidh chun fostaíochta. Bhí 16.5% d'foghlaimeoirí i mbun oibre de chineál éigin le linn dóibh páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas. Chuaigh 13% ar a laghad de na daoine a chuir cúrsa i gcrích isteach san fhórsa saothair ar a gcúrsa a chur i gcrích dóibh.

Leanadh le Litearthacht agus Treoir d'Aosaigh a chomhtháthú isteach i gcláir de chuid an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas. Bhain 70% d'foghlaimeoirí leas as tacaíocht teorach le linn a gcúrsa. Fuarthas an chuid is mó den tacaíocht sin as Seirbhís Teorach Oideachais Aosaigh Chorcaí.

Litearthacht

Déileálann an tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh i mBord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí le raon leathan daoine fásta ag a bhfuil riachtanais ilchineálacha. Léirítear é sin in éagsúlacht na gclár a thairgtear. Ar na cláir atá ar fáil tá teagasc duine le duine, teagasc grúpa, Dianteagasc, Scileanna don Obair, Foghlaim Teaghlaigh agus Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile.

Tá an tSeirbhís Litearthachta i mBord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí comhtháite ar fud raon seirbhísí de chuid an Bhoird.

- D'fhreastail 4,395 fhoghlaimoír ar theagasc
- D'fhreastail 239 bhfoghlaimoír ar theagasc duine le duine
- D'fhreastail 241 fhoghlaimoír ar theagasc duine le duine agus ar theagasc grúpa araon
- D'fhreastail 3,915 fhoghlaimoír ar theagasc grúpa ina aonar
- D'fhreastail 323 fhoghlaimoír ar chúrsaí i nDianteagasc san Oideachas Bunata Aosach
- D'fhreastail 198 bhfoghlaimoír ar chúrsaí Scileanna don Obair

Treoir d'Aosaigh ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Cuid dhílis dá rathúla atá aon oideachas nó oiliúint a thugtar faoi nó fúithi is ea Treoir d'Aosaigh. Chun an luach is fearr ar airgead a chinntiú, tá sé ríthábhachtach go gcuirtear iarrthóirí ar chúrsaí atá oiriúnach dá réimsí spéise agus dá leibhéal scileanna agus a sholáthraíonn bealaí soiléire chun cinn i dtreo gairmoideachais agus oiliúna nó fostaíochta. Rachaidh sé sin i bhfeidhm ar choinneáil agus dul chun cinn foghlaimoírí go díreach.

Bliain a bhí lán d'athruithe agus d'aistriú don tSeirbhís Treorach d'Aosaigh i mBord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí a bhí sa bhliain 2014. Le linn na bliana, rinne sí pleanáil agus cur chun feidhme ar dhá sheirbhís, ceann amháin a bhí lonnaithe i gCathair Chorcaí agus ceann eile a bhí Contaebhunaithe, a aistriú isteach ina seirbhís treorach aonair d'aosaigh i mBord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí. Ba é a bhí i gceist leis sin limistéir for-rochtana nua a fhorbairt don fhoireann ar fad agus baill foirne a ath-leithdháileadh chun freastal ar na limistéir chónasctha.

Bhí sé riachtanach breithniú a dhéanamh ar chineál scaipthe an chontae ón taobh geografach de agus ar an líon foghlaimoírí a bhí ag freastal ar na hionaid oideachais aosaigh sa Chathair agus sa Chontae. Rinne an tSeirbhís Treorach d'Aosaigh i mBord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí eagrú ar imeacht World Café. B'imeacht líonraithe é sin a chuir ar chumas na mball foirne tábhachtach i mBord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí agus gníomhaireachtaí seachtracha líonrú agus tuiscint a ghnóthú ar na ról agus na freagrachtaí éagsúla a bhí le comhlíonadh.

Ógtheagmháil

Cuireadh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ar bun mar thoradh ar chónascadh Choiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí agus Choiste Gairmoideachais Chontae Chorcaí. D'fhág sé sin gur tháinig an 11 ionad Ógtheagmhála ar fad, bíodh siad lonnaithe i limistéir uirbeacha nó i limistéir tuaithe, le chéile chun straitéisí, spriocanna agus nósanna imeachta comhchoiteanna a chomhaontú. Cuimsíonn an tseirbhís Ógtheagmhála i gCorcaigh 11 ionad Ógtheagmhála. Is é 390 áit do mhic léinn an leithdháileadh iomlán.

Lean na hionaid Ógtheagmhála de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ar aghaidh ag tabhairt eolas, scileanna agus muinín do luathfhágálaithe scoile ionas go mbeadh siad in ann páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus dul ar aghaidh chun breisoideachais, oiliúna

agus fostaíochta. Tugtar tacaíocht foghlama d'fhoghlaimoírí maidir le plean saoil a chruthú, sainaitheint a dhéanamh ar na céimeanna a theastaíonn chun an plean a chomhlíonadh agus na scileanna a theastaíonn chun déanamh amhlaidh a thabhairt dóibh. Tá ceithre chéim i gceist leis an bpróiseas, mar atá Ionduchtú, Bunú, Dul Chun Cinn agus Aistriú.

Baineann cur chuige Ógtheagmhála úsáid as roinnt modheolaíochtaí agus glacann sé an dea-chleachtas ó dhisciplíní eile amhail Obair don Ógra, Oideachas Neamhfhoirmiúil, Gairmoiliúint, Oideachas Aosach agus cláir amhail Cleachtas Aisiríoch.

Forbraíodh Beartas Iontrála comhchoiteann chun inrochtaineacht a fheabhsú don mhac léinn agus nósanna imeachta níos soiléire a éascú maidir le haistriú ó ionad amháin go hionad eile.

Sa bhliain 2014, chuaigh mic léinn ó Ionaid Ógtheagmhála ar aghaidh chuig Cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna, cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta, Scéimeanna CTW agus Fostaíocht.

Bonneagar

Oifigí Riaracháin

Thug na comhaltaí Boird de Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí cead don Phríomhfheidhmeannach ag cruinniú an Bhoird i mí an Mheithimh 2014 na léasanna ar Theach Yeats a fhoirceannadh, faoi réir idirbheartaíocht deiridh agus cead a fháil ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Foirceannadh an léas ar an mbunurlár de Theach Yeats an 1 Deireadh Fómhair 2014. Thángthas ar chomhaontú dlíthiúil go ndéanfaí an chuid eile de na léasanna ar Theach Yeats a fhoirceannadh an 31 Márta 2015. Fuarthas cead i bprionsabal ón Roinn an 22 Iúil 2014 le haghaidh an bunurlár de 21 Cé Lavitt a thógáil ar léas agus an dá urlár reatha a athchóiriú chun cóiríocht a chur ar fáil don cheanncheathrú nua.

Mórtionscadail Foirgníochta

Mórtionscadail Foirgníochta – ag céim na tógála

Coláiste Mhuire, Cill na Mallach	Coláiste Nua
Coláiste Pobail Ghleann Maghair	Mórshíneadh

Mórtionscadail Foirgníochta – ag céim na pleanála

Campas Oideachais Charraig Uí Leighin	Campas Nua 3 Scoil
Coláiste Pobail Chloch na Coillte	Mórshíneadh
Coláiste an Chraoibhín, Mainistir Fhear Maí	Mórshíneadh
Coláiste Dáibhís, Mala	Mórshíneadh
Coláiste Pobail Cholmáin Naofa, Mainistir na Corann	Mórshíneadh

Miontionscadail Foirgníochta

Cóiríocht Bhreise – ag céim na tógála

Coláiste Treasa, Ceann Toirc
Coláiste Pobail Scoil Mhuire

1 Sheomra Ginearálta
2 Sheomra Ghinearálta

Cóiríocht Bhreise – ag céim na pleanála

Scoil Mhuire, Béal Átha an Ghaorthaidh
Coláiste Bhrogáin Naofa, Droichead na
Bandann

Saotharlann Eolaíochta
Aonad ASD (Neamhord ar Speictream an
Uathachais)

Athchóiriú scoileanna/coláistí agus ionad – ag céim na tógála

Coláiste MacAogáin, Maigh Chromtha
Coláiste Pobail , an Cóbh
Coláiste Pobail Áth an Chóiste
Coláiste Choilm, Baile an Chollaigh
Coláiste Daibhéid, Sábhadóireachta
Coláiste Ghobnatan, Baile Bhuirne
Coláiste Stiofáin Naofa, Bóthar na Trá Móire

Uasghrádú an Chórais Teasa
Deisiúcháin Dín
Deisiúcháin Dín
Athchóiriú na Leithreas
Uasghrádú an Leictreachais
Deisiúcháin Dín
Rochtain/Leithris do Dhaoine faoi
Mhíchumas

Coláiste Dáibhís, Mala
Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin
Coláiste Pobail Ghleann Maghair
Coláiste Pobail Scoil Mhuire
Scoil Mhuire, Béal Átha an Ghaorthaidh
SONAS, Carraig Uí Leighin

Deisiúcháin Dín
Athchóiriú na Cóiríochta Sealadaí
Uasghrádú an Chórais Teasa
Athchóiriú na Leithreas
Uasghrádú an Chórais Teasa
Athchóiriú na Cóiríochta Sealadaí (thar
ceann na Roinne Oideachais agus
Scileanna)

Coláiste Fionnchúa, Baile Mhistéala

Rochtain/Leithris do Dhaoine faoi
Mhíchumas

Coláiste Pobail Toirdhealbach MacSuibhne

Baint Deannaigh

Athchóiriú scoileanna/coláistí agus ionad – ag céim na pleanála

Na hOifigí Riaracháin, 21 Cé Lavitt
Ionad Oiliúna Chorcaí
Coláiste Pobail Scoil Mhuire

Feistiú agus Athchóiriú
Deisiúcháin Dín
Rochtain/Leithris do Dhaoine faoi
Mhíchumas

Coláiste Bhrogáin Naofa, Droichead na
Bandann

Rochtain/Leithris do Dhaoine faoi
Mhíchumas

Coláiste Pobail Toirdhealbach MacSuibhne

Cineálacha Ilghnéitheacha Athchóirithe

Caidrimh thábhachtacha

Is mór ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí na naisc atá cruthaithe aige le príomh-
gheallsealbhóirí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach. Chuige sin, téann an
Bord Oideachais agus Oiliúna i gcomhairle le raon leathan comhlachtaí poiblí agus
soláthraithe oideachais agus oiliúna agus oibríonn sé i gcomhar leo. Oibríonn Bord
Oideachais agus Oiliúna Chorcaí go dlúth leis an gComhairle Cathrach agus leis an
gComhairle Contae araon agus chuaigh sé isteach i socruithe comhpháirtíochta ar roinnt
tionscnamh amhail Giniúint Cheoil agus Féile na Foghlama ar Feadh an tSaoil. Chomh
maith leis sin, oibríonn an Bord Oideachais agus Oiliúna go dlúth le Coistí Forbartha Pobail
Áitiúil agus le Coistí Comhpháirtíochta Áitiúla agus déantar ionadaíocht don Bhord ar

Chomhlachtaí Ceannais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Ina theannta sin, tá Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ina chomhphátrún ar 12 cheann de Phobalscoileanna/Scoileanna Cuimsitheacha i gCorcaigh agus tá talamh agus réadmhaoin na scoileanna sin dílsithe don Bhord. Tá 10 gColáiste Pobail Ainmnithe faoi rialú ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí. Feidhmítear na coláistí sin i gcomhpháirt le roinnt de chomhiontaobhaithe/pátrúin reiligiúnacha, go háirithe Deoise Chorcaí agus Rois agus Deoise Chluana.

Sa bhliain 2013/2014, d'oibrigh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí i gcomhar le líon mór eagraíochtaí agus institiúidí eile chun uaireanta teagasc nó cúnamh airgeadais a sholáthar. Áiríodh leis na heagraíochtaí sin Seirbhís Phríosúin na hÉireann, Foróige, agus Ceardlanna Oiliúna Pobail.

Achoimre Airgeadais

Is ón Roinn Oideachais agus Scileanna a thagann an chuid is mó de chistiú Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí chun oideachas dara leibhéal a sholáthar. Is iad SOLAS agus an Roinn Oideachais agus Scileanna a chistíonn an Bord chun cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna a sholáthar. Sa bhliain 2013/2014, fuarthas cistiú le haghaidh tionscadail shonracha ó Ranna Rialtais agus ó Ghníomhaireachtaí eile, lena áiríodh iad seo a leanas:

- An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
- An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
- Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta
- An tAontas Eorpach

Tiomsaítear cistí freisin trí tháillí a ghearradh i leith seirbhísí amhail teagasc, seomraí a ligean ar cíos agus gníomhaíochtaí a reáchtáil ar leibhéal áitiúil. B'ionann agus €240,875,509 fáltais an Bhoird don bhliain 2013/14. Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí gach bliain. Leagann an tArd-Reachtair tuarascáil maidir le maoirseacht airgeadais an Bhoird faoi bhráid an Oireachtais ina dhiaidh sin. De na fáltais iomlána a gnóthaíodh an bhliain seo caite, bhain suim €5,125,450 leis an gclár caipitil. Tá an ráiteas bliantúil aschuir le fáil in Aguisín 2.

Deimhnímse, mar Chathaoirleach, go bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí freagrach as cuntais a choinneáil. Deimhním freisin go bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ag cloí go hiomlán lena chuid oibleagáidí faoin reachtaíocht ioncaim.

Sínithe: _____

Dáta: _____

An Comh. Patrick Gerard Murphy
Cathaoirleach, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Giorrúcháin

AEGC	Treoirchomhairleoir Oideachais Aosaigh
AES	An tSeirbhís um Oideachas Aosach
BTEI	An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
C&AG	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
CC	Coláiste Pobail
CEO	Príomhfheidhmeannach
CPD	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
DEIS	Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna
DES	An Roinn Oideachais agus Scileanna
FET	Breisoideachas agus Oiliúint
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
TF	Teicneolaíocht Faisnéise
ITABE	Dianteagasc san Oideachas Bunata Aosach
LCA	An Ardeistiméireacht Fheidhmeach
NCCA	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
PDST	An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
PLC	An Iar-Ardeistiméireacht
QA	Dearbhú Cáilíochta
SOLAS	An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
ETB	Bord Oideachais agus Oiliúna
VTOS	An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais
VEC	Coiste Gairmoideachais

AGUISÍN 1

Scoileanna, Ionaid Oideachais agus Coistí atá faoi rialú ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Scoileanna

Ainm	Rollú	Ainm	Rollú
Coláistí Iar-bhunscoile			
Coláiste Pobail, an Cóbh	260	** Coláiste Pobail Chloch na Coillte	597
** Coláiste Pobail Áth an Chóiste	566	Coláiste an Chraoibhín, Mainistir Fhear Maí	625
Coláiste Daibhéid, Corcaigh	220	**Coláiste Pobail Bheantraí	673
**Coláiste Choilm, Baile an Chollaigh	1393	Coláiste MacAogáin, Maigh Chromtha	292
**Coláiste Ghobnatan, Baile Bhuirne	221	**Coláiste Pobail Naomh Muire (Cill na Mallach)	224
Coláiste Treasa, Ceann Toirc	479	Coláiste Daibhís, Mala	1090
** Coláiste Pobail Ghleann Maghair	900	Coláiste Uí Mhainchín, An Ráth	62
Coláiste Pobail Toirdhealbach MacSuibhne	268	Scoil Mhuire, Béal Átha an Ghaorthaidh	106
**Coláiste Pobal de Nóglá	179	Coláiste Pobail Mhuire gan Smál	503
**Coláiste Pobail Naomh Aodhán	618	Coláiste Pobail Rossa	256
Coláiste Bhrogáin Naofa, Droichead na Bandann	673	Colaiste Fionnchúa, Baile Mhistéala	275
** Coláiste Pobal Scoil Mhuire	439	Coláiste Pobail Cholmáin Naofa, Mainistir na Corann Mainistir na Corann	718
Coláistí Iar-Ardteistiméireachta			
Coláiste Naomh Sean	1150	Coláiste Stiofáin Naofa, Bóthar Thrá Mhór	905
Coláiste Tráchtála Chorcaí	1939		

****Is Coláistí Pobail Ainmnithe iad na coláistí seo; tá Comhaontú Samhla i bhfeidhm idir Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí agus Deoise Chorcaí agus Rois nó Deoise Chluana ina leith**

Ionaid Oideachais agus Oiliúna

Seirbhísí Tacaíochta Foghlama Chathair Chorcaí
Ionad Oiliúna Chorcaí, Ascaill Rosa
Ionad Oiliúna, Carraig Uí Leighin

Ionaid Ógtheagmhála

Baile an Chollaigh
Sráid an Déin
Cnoc na hAoine
Mala

Droichead na Bandan
Mainistir Fhear Maí
Maigh Chromtha
Eochail

Beanntraí
An Gleann
Machain

Pobalscoileanna ar a bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ina Chomhiontaobhaí

Scoil Pobail Carrig Uí Leighin
Pobalscoil na Tríonóide, Eochail
Scoil Pobail na Dubhglaise
Scoil Pobail Baile an Easpaig
Scoil Pobail Beara

Scoil Pobail Sráid a' Mhuillin
Scoil Pobail Cionn tSáile
Scoil Pobail Gort Álainn
Scoil Pobail Baile an Chollaigh
Scoil Pobail Naomh Peadar

Scoileanna Cuimsitheacha ar a bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ina Chomhphátrún

Scoil Cuimsitheach Ashton
Scoil Cuimsitheach an Bothar Búi

Scoileanna Náisiúnta Pobail

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ina Chomhphátrún ar dhá Scoil Náisiúnta Pobail. Is iad sin, Scoil Chlíodhna, Carraig Thuathail, agus Scoil Aonghusa, Mala. Tá rollú an dá scoil i bhfad níos airde ná mar a bhíodas ag súil leis. Creideann Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí go bhfuil an clár 'Goodness me, Goodness you' atá i bhfeidhm sa dá scoil ar an bpríomhchúis le rath na scoileanna ina leith sin.

Coistí Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

An Coiste Airgeadais
An Coiste Iniúcháireachta
An Coiste don Ógra

AGUISÍN 2

Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Cork Education and Training Board

Cuntas Oibriúcháin do na hOcht Mí Dhéag dar críoch an 31 Nollaig 2014

	Nóta	2014
FÁLTAIS		€
Scoileanna agus Ceannoifig	1	154,235,667
Breisoideachas agus Oiliúint	2	57,798,831
Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn	3	2,466,799
Seirbhísí don Ógra	4	4,115,082
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail		
Féinmhaoiniúcháin	5	17,133,680
Caipiteal	6	5,125,450
		<hr/>
		240,875,509
		<hr/>
ÍOCAÍOCHTAÍ		
Scoileanna agus Ceannoifig	7	155,314,314
Breisoideachas agus Oiliúint	8	56,030,066
Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn	9	2,276,910
Seirbhísí don Ógra	10	4,553,818
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail		
Féinmhaoiniúcháin	5	15,437,435
Caipiteal	6	4,566,029
		<hr/>
		238,178,572
		<hr/>
Barrachas/(Easnamh) Airgid don Tréimhse		2,696,937
Gluaiseacht i nGlansócmhainní Reatha Eile	12	<hr/> (2,799,965)
Barrachas/(Easnamh) Ioncaim Fabhrathe don Tréimhse		(103,028)
Barrachas/(Easnamh) Ioncaim ag an 01/07/2013		(627,075)
Barrachas/(Easnamh) Ioncaim ag an 31/12/2014		<hr/> (730,103)
		<hr/>

